**RABHADH**

**NÍ MÓR duit an páipéar ceisteanna seo a chur ar ais le do leabhar freagraí ag deireadh an scrúdaithe nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo.** →

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005

# Gnó - Ardleibhéal

**(400 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 r.n. go dtí 12.30 i.n.**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **<u>Ocht</u> gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar Ghnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **<u>Ceithre</u> cheist as ROINN 3 mar a leanas:**
**Ceist <u>amháin</u> as Cuid 1,**
**<u>dhá</u> cheist as Cuid 2 agus**
**ceist <u>amháin</u> eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara le do thoil dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**

**Cuimhnigh gur gá an páipéar scrúdaithe seo a chur ar ais leis an leabhar freagraí atá á úsáid agat chun Roinn 2 agus Roinn 3 a fhreagairt.**

## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2005

## Gnó – Ardleibhéal

### ROINN 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
### (80 marc)

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist. Cuir an Páipéar Scrúdaithe seo ar ais le do thoil in éineacht le do leabhar freagraí.**

**1.** Mínigh an téarma 'inniúlacht conraithe'.

________________________________________

________________________________________

Tabhair **DHÁ** shampla de shuímh nach bhfuil inniúlacht conraithe ag duine aonair ná ag eintiteas dlíthiúil dóibh.

(i) ______________________________________

(ii) ______________________________________

**2.** Éilíonn 'Bainistíocht Riosca' ar bhainisteoirí:

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**3.** Liostaigh **ceithre** ghníomhaíocht atá cosúil le chéile nuair a bhíonn bainistíocht á déanamh ar theaghlach agus bainistíocht á déanamh ar ghnóthas.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**4.** Déan léaráid oiriúnach a tharraingt agus a lipéadú de 'struchtúr eagraíochtúil' a bheadh oiriúnach d'eagraíocht déantúsaíochta.

**5.** Rianaigh **trí** fhadhb a bhaineann le ríomhphost i gcúrsaí gnó.

(i) ____________________

____________________

(ii) ____________________

____________________

(iii) ____________________

____________________

**6.** Mínigh coincheap an 'dliteanas teoranta'.

____________________

____________________

____________________

____________________

**7.** Déan idirdhealú idir na prionsabail árachais (i) Meon lánmhaith agus (ii) Slánaíocht.

(i) ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

(ii) ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

**8.** Baineann na figiúirí seo a leanas le Léasar Tta.

| | **2004** | **2003** |
|---|---|---|
| Sócmhainní Reatha | 90,000 | 85,000 |
| Dliteanais Reatha | 60,000 | 40,000 |
| Stoc ar Deireadh | 20,000 | 25,000 |

| **Oibrithe** |
|---|
| |

Áirigh an Cóimheas Fíorthástála do 2003 agus 2004.

2003 ________ 2004________

Taispeáin trí tic (√ ) a chur, cé acu an bhfuil an treocht ag feabhsú nó ag dul in olcas agus tabhair fáth amháin a d'fhéadfadh a bheith leis seo.

| **Ag feabhsú** | | **Ag dul in olcas** | |
|---|---|---|---|

Fáth:____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

**9.** Taispeánann an tábla seo a leanas trí chineál táirgthe agus ceithre cháilíocht. Maidir le gach cáilíocht, cuir tic (√) leis an gcineál táirgthe **is mó** a thagann leis an gcáilíocht sin.

| | JAB | BAISC | OLL |
|---|---|---|---|
| Táirgí sainiúla | | | |
| Grúpaí táirgí | | | |
| Saothar díreach le hardscileanna | | | |
| Earraí costasacha | | | |

10. Tógadh an t-eolas seo a leanas maidir le díolacháin as leabhair An Óstán Grand:
Bealtaine 2004: Seomraí €45,000; Beár €35,000; Bialann €25,000; Siamsaí €15,000;
Bealtaine 2005: Seomraí €60,000; Beár €40,000; Bialann €30,000; Siamsaí €95,000.

Léirigh an t-eolas seo trí bharrachairt a tharraingt thíos.

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

# ROINN 2
**(80 Marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar Aonaid 2, 3 agus 4.**

## Ceist ar Ghnó Feidhmeach.

### Ciorcaid Tta.

Is é Tomás Ó Riain an príomh-scairshealbhóir i gcuideachta ghnóthach leictreach. Bhí Tomás ag obair mar leictreoir lánaimseartha i ngnóthas tógála áitiúla, ait a raibh a phrintíseacht féin curtha isteach aige. Thug sé faoi deara go raibh tionscal na tógála ag athrú agus go dtiocfadh an t-am go ligfí amach ar fhochonradh réimsí sonracha den obair. Bhunaigh sé Ciorcaid Tta sa bhliain 1972 chun seirbhísí leictreacha a chur ar fáil. Bhain Tomás amach a lán conarthaí tógála agus deisiúcháin le réimse gnólachtaí áitiúla agus níorbh fhada go raibh daoine á bhfostú aige chun freagairt don éileamh. Bhí sé an-solúbtha lena chuid custaiméirí agus bhí sé toilteanach oibriú déanach sa lá agus ag na deirí seachtaine.

De réir mar a leathnaigh an gnó, d'fhostaigh Tomás leictreoirí ina bprintísigh go rialta agus oileadh na hoibrithe go léir sa ghnólacht nó bhí said á n-oiliúint ann. Ba é féin a rinne an t-earcú, an roghnú agus an fhorbairt ar an bhfoireann uile. Chuir sé béim ar dhílseacht, ar ghealltanas agus ar ionracas agus thug sé bónais shubstaintiúla go rialta mar luach saothair. Níor thug sé aitheantas d'aon cheardchumann laistigh den ghnólacht ach d'íoc sé na rátaí ceardchumainn, mar a bhí molta, dá phrintísigh. Ba bheag deacracht a bhí aige ó thaobh caidreamh tionsclaíoch de ná i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta.

Bhí tríocha leictreoir agus foghlaimeoir fostaithe aige, chomh maith le triúr san oifig, ag tús 2005, tráth a raibh €1.5 milliún mar láimhdeachas bliantúil ag an gcomhlacht. Bheartaigh Tomás go ndéanfadh sé forbairt ar roinn shainiúil a bheadh dírithe ar shuiteáil ghréasáin ríomhairí gan sreang, agus é ag baint úsáide as teicneolaíocht nua a raibh gealladh faoi. Thabharfadh sé seo an deis dó tairiscintí a dhéanamh ar chonarthaí a raibh ard-chorrlach ag gabháil leo. Bheadh sé riachtanach leath den fhoireann a bhí aige faoi láthair a chur ag plé leis an obair seo agus bheadh gá le hathoiliúint fhairsing a chur orthu sna scileanna nua.

Mheas sé go mbeadh air freisin athruithe a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí bainistíochta a bhí ar siúl aige féin faoi láthair má bhí an mhórfhorbairt seo le dul chun cinn a dhéanamh.

**(A)** Mínigh, agus úsáid á baint agat as samplaí, na tréithe/scileanna fiontraíochta atá léirithe ag Tomás. (20 marc)

**(B)** Déan measúnú ar Thomás mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna. (30 marc)

**(C)** Cén chomhairle a chuirfeá ar Thomás maidir le gníomhaíochtaí bainistíochta i dtaca leis an rannóg nua suiteála gréasán? Cuir nithe cuí i gcás nuair is gá. (30 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 Marc)**

**Freagair ceithre cheist as ROINN 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist amháin as Cuid 1, agus dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1

# Daoine i nGnó / Timpeallacht Ghnó

**Daoine i nGnó**

**Ceist 1**

*Tógtar gnó ar chaidreamh idir dhaoine.*

**(A)** Déan cur síos ar ghnéithe tábhachtacha den chaidreamh atá idir táirgeoirí agus tomhaltóirí i gcúrsaí gnó. (15 marc)

**(B)** Mínigh ceithre mhodh lenar féidir deireadh a chur le conradh dlíthiúil. (20 marc)

**(C)** Faoi théarmaí an Achta um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (1978) déan cur síos agus measúnú ar ról an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóra. (25 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta**

**Ceist 2**

*Tá gach gnó tábhachtach do leas eacnamaíoch na hÉireann.*

**(A)** Déan idirdhealú idir Trádálaí Aonair agus Comhpháirtíocht mar chineál eagraithe gnó. Bain úsáid as sampla de gach ceann i do fhreagra. (15 marc)

**(B)** Bunaítear eagraíochtaí Forbartha Pobail, ina bhfuil tionscnaimh phobail áitiúla comhshnaidhmthe, chun cabhrú le fiontair ghnó áitiúla.
Déan cur síos ar na seirbhísí a chuireann eagraíocht forbartha pobail amháin atá ar eolas agat ar fáil. (20 marc)

**(C)** Agus gnólacht ag comhlíonadh a gcúraimí sóisialta, déan measúnú ar an iarmhairt atá aige sin ar ioncam agus ar chostais an ghnólachta. (25 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta**

**Ceist 3**

*Ligeann gníomhaíocht idirnáisiúnta do thír bheag mar Éire níos mó earraí agus seirbhísí a fháil.*

**(A)** Mínigh na deiseanna agus na dúshláin atá ann do ghnó Éireannach de thoradh na mballstát nua a tháinig isteach sa Mhargadh Eorpach Aonair sa bhliain 2004. (25 marc)

**(B)** Rianaigh an tábhacht atá ann d'Éirinn maidir le:

(i) Aon pholasaí ar bith de chuid an Aontais Eorpaigh.

agus

(ii) Aon institiúid ar bith de chuid an Aontais Eorpaigh. (20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar choincheap na Margaíochta Domhanda chomh fada is a bhaineann sé le cúrsaí gnó na hÉireann. (15 marc)

**(60 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

# ROINN 3

# Cuid 2

# Fiontraíocht

**Bainistíocht**

**Ceist 4**

**(A)** Cuir i gcás gur tusa rúnaí an chlub óige áitiúil. Dréachtaigh an fógra agus an clár atá le seoladh chuig gach ball den chlub óige ag tabhairt scéala dóibh faoin gCruinniú Ginearálta Bliantúil. ( Ní mór cúig mhír a bheith ar an gclár). (10 marc)

**(B)** " Caitheann bainisteoirí 75% , ar an meán, dá gcuid ama i mbun cumarsáide". Mínigh na tosca a dhéanann deimhin de go mbíonn cumarsáid éifeachtach ar siúl ag bainisteoirí. Bain úsáid as samplaí nuair is cuí. (25 marc)

**(C)** Déan measúnú ar theoiricí inspreagtha Maslow agus McGregor. (25 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht/Gnó ag Gníomhú**

**Ceist 5**

**(A)** (i) Cad is Plean Gnó ann?
(ii) Mínigh an ról atá ag plean gnó agus gnóthais á dtosú. (20 marc)

**(B)** Déan cur síos, agus úsáid á baint agat as samplaí, ar na tosca nár mhór do bhainisteoir a chur san áireamh agus foinsí airgid i gcomhair leathnaithe á roghnú aici/aige. (20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar thrí chúis a ndéanfaí gnó a leathnú seachas le brabús a mhéadú. (20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó ag Gníomhú**

## Ceist 6

**(A)** Pléigh ceithre fhoinse sheachtracha a spreagfadh tuairimí faoi tháirgí nó sheirbhísí nua. (25 marc)

**(B)** (i) Cuireann gnóthas na figiúirí seo a leanas ar fáil maidir lena chuid gníomhaíochtaí.

| | |
|---|---|
| *Réamhaisnéis Táirgeachta (Díolacháin)* | *20,000 aonad* |
| *Praghas Díola* | *€50 an t-aonad* |
| *Costais Sheasta* | *€300,000* |
| *Costas Inathraithe an t-aonad* | *€20* |

Léirigh agus úsáid á baint agat as cairt mheá ar mheá:
(a) An Pointe Meá ar Mheá.
(b) An Brabús ag an réamhaisnéis táirgeachta.
(c) An Lamháil Sábháilteachta ag an réamhaisnéis táirgeachta. (25 marc)

(ii) Rianaigh an iarmhairt a bheadh ann don phointe meá ar mheá dá n-ardódh na costais inathraithe go €25 an t-aonad. Léirigh do fhreagra ar chairt mheá ar mhéa. (10 marc)

**(60 marc)**

**Gnó ag Gníomhú**

## Ceist 7

**(A)** Déan cur síos ar na tosca tábhachtacha a chuirfeadh Bainisteoir Margaíochta san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aici/aige maidir le praghas táirge nó seirbhíse nua. (20 marc)

**(B)** Maidir le táirge/seirbhís áirithe de do rogha féin, déan measúnú ar ról na nithe seo a leanas i gcur chun cinn an táirge/na seirbhíse:

(i) Fógraíocht (ii) Caidreamh Poiblí agus (iii) Díolachán Pearsanta. (30 marc)

**(C)** Mínigh an téarma Deighilt an Mhargaidh. (10 marc)

**(60 marc)**

**CUIMHNIGH AR AN BPÁIPÉAR SCRÚDAITHE SEO A CHUR AR AIS LE DO LEABHAR FREAGRAÍ.**

Leathanach Bán

Leathanach Bán